Pionós na bPiarsach

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin bpionós atá gearrtha ar Phiarsaigh na Dromad agus Doire Treasc. Sula bhféachann tú ar an tuairisc déan iarracht na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt.

- Cén sórt cumann iad Piarsaigh na Dromad agus Doire Treasc?
- Cé as don dá fhoireann thuasluaite?
- Cén fáth a raibh an dá fhoireann i mbéal an phobail le mí anuas?

Ceist 2 Anois gan féachaint go fóill ar an mír déan iarracht na focail Ghaeilge a mheaitseáil leis na focail Bhéarla thíos. Cuir do chuid freagraí i gcomparáid le freagraí an duine atá in aice leat.

Scenes	Gearradh
Chairperson	Cumann Lúthchleas Gael
Appeal	Stair
Semi-final	Radharcanna
Impose	Achomharc
Fines	Leathchraobh
Gaelic Athletic Association	Náisiúnta
Competition	Cathaoirleach
National	Fíneáil
History	Comórtas

Ceist 3 Féach ar an mír arís agus abair an bhfuil na frásaí thíos fíor nó bréagach.

1. Tá Séan Kelly ina uachtarán ar an gCumann Lúthchleas Gael
   Fíor/Bréagach

2. Ceapann Seán Kelly go bhfuil an pionós ródhian
   Fíor/Bréagach

3. Labhair na Piarsaigh leis na meáin go hoscailte
   Fíor/Bréagach

4. Mícheál Ó Siadhail an t-ainm atá ar chathaoirleach na bPiarsach
   Fíor/Bréagach

5. Bhí an tuairisceoir ag Clubtheach Phiarsaigh na Dromad i gContae Chiarraí.
   Fíor/Bréagach

Ceist 4 **‘***Contae Chiarraí’*

Déan iarracht an focal ‘Contae’ a chur roimh na focail thíos

1. Tír Eoghain
2. An Mhí
3. Corcaigh
4. Tiobraid Árann
5. Laois
6. An Clár
7. An Dún
8. Fear Manach
9. Sligeach

Ceist 5 **a)** Déan iarracht uimhir iolra na bhfocal thíos a aimsiú sa mhír.

1. Radharc
2. Meán
3. Comórtas
4. Rogha

Déan iarracht abairt a chumadh chun brí na bhfocal thuas a léiriú.

b) ‘*iad a chur amach as comórtas* ***ar feadh*** *trí bliana’*

Cén fáth nach mbaintear úsáid as ‘le’ sa chás thuas? Déan iarracht *‘le’* nó ‘*ar feadh’* a chur san áit cheart.

1. Tá Gearóid ann _____ fada.
2. Beidh mé san Iorua _____bliana.
3. Bhí mé ann _____coicíse.
4. Tá géarchéim eacnamaíochta sa tír anois _____cúig bliana.

Ceist 6 Déan an ráiteas thíos a phlé. Is féidir é a úsáid mar rún díospóireachta.

‘*Ba cheart spóirt phroifisiúnta a dhéanamh de na cluichí Gaelacha agus na himreoirí a íoc’*

Treoracha

Ceist 1

- Cumainn Pheile atá iontu.
- Is as Contae Chiarraí do na Piarsaigh agus as Contae Thír Eoghain do Dhoire Treasc
- Bhí troid mhór ar an bpáirc imeartha le linn chluiche leathcheannais na gclubanna

Ceist 2

Scenes	Radharcanna
Chairperson	Cathaoirleach
Appeal	Achomharc
Semi-final	Leathchraobh
Impose	Gearradh
Fines	Fíneáil
Gaelic Athletic Association	Cumann Lúthchleas Gael
Competition	Comórtas
National	Náisiúnta
History	Stair

Ceist 3

1. Tá Séan Kelly ina uachtarán ar an gCumann Lúthchleas Gael
Fíor/**Bréagach**
2. Ceapann Seán Kelly go bhfuil an pionós ródhian
Fíor/Bréagach
3. Labhair na Piarsaigh leis na meáin go hoscailte
Fíor/**Bréagach**

4. Mícheál Ó Siadhail an t-ainm atá ar chathaoirleach na bPiarsach
Fíor/Bréagach
5. Bhí an tuairisceoir ag Clubtheach Phiarsaigh na Dromad i gContae Chiarraí.
Fíor/Bréagach

Ceist 4

1. Contae Thír Eoghain
2. Contae na Mí
3. Contae Chorcaí
4. Contae Thiobraid Árann
5. Contae Laoise
6. Contae an Chláir
7. Contae an Dúin
8. Contae Fhear Manach
9. Contae Shligigh

Ceist 5 **a)**

1. Radharc – Radharcanna *Bhí radharcanna áille ó sheomra an óstáin*
2. Meán – Meáin *Ní féidir na meáin a chreidiúint i gcónaí*
3. Comórtas – Comórtais *Beidh na comórtais ar siúl ó thús an Earraigh go dtí deireadh an tSamhraidh*
4. Rogha – Roghanna *Sin iad na roghanna ar fad atá againn.*

b) Baintear úsáid as 'ar feadh' nuair atá a fhios againn go cinnte cén tréimhse ama atá i gceist. Úsáidtear 'ar feadh' go minic leis an aimsir fháistineach agus leis an aimsir chaite mar gheall go bhfuil cinnteacht ama i gceist. Úsáidtear 'le' san aimsir láithreach mar gheall nach léirítear tús agus críoch na tréimhse ama agus níl a fhios cá fhad a mhairfidh an gníomh atá ar bun.

1. Tá Gearóid ann le fada.
2. Beidh mé san Iorua ar feadh bliana.
3. Bhí mé ann ar feadh coicíse.
4. Tá géarchéim eacnamaíochta sa tír anois le cúig bliana

Ceist 6 Is féidir an ráiteas a phlé nó é a úsáid mar rún díospóireachta.

Maolra Mac Donnchadha
Níl deireadh fós leis an achrann a bhí i bPortlaoise an mhí seo caite idir Piarsaigh na Dromad[1] agus Doire Treasc. I gCiarraí tá Iaruachtarán Chumann Lúthchleas Gael, an Feisire Eorpach Seán Kelly tar éis a rá go bhfuil an cosc trí bliana atá gearrtha ar na Piarsaigh i gCraobh na Mumhan agus i gCraobh na hÉireann ródhian.

Grett O'Connor
Seo iad na radharcanna ba chúis leis an gconspóid ar fad. An mhí seo caite buadh ar Chumann Peile Phiarsaigh na Dromad i leathchraobh Peile Sóisearach na hÉireann ach anois tá níos mó ná cluiche caillte acu. Tá ordú tugtha ag Lárchoiste Éisteachta Chumann Lúthchleas Gael an fhíneáil a bhí le gearradh ar an gclub a laghdú ó dhá mhíle euro go dtí míle ach anuas air sin tá bac trí bliana le cur orthu ó bheith ag ionadaíocht ar son Chontae Chiarraí i gcomórtais náisiúnta na gclubanna[2]

Seán Ó Ceallaigh
Bhuel is dócha go bhfuil saghas trua agam do Phiarsaigh na Dromad mar tá an-aithne agam orthu le fada. Bhíos[3] i mo Chathaoirleach agus Leaschathaoirleach ar an gCoiste Contae ar feadh suas beagnach le fiche bliain agus ní cuimhin liom iad a bheith i dtrioblóid riamh. Dá bhrí sin, is dóigh liom gur cheart stair smachta an chumainn a chur san áireamh nuair a bhíonn tú ag tabhairt amach[4] píonóis mhóra[5] go háirithe sa chás seo, iad a chur as comórtas ar feadh trí bliana.

Grett O'Connor
Ba léir inniu go raibh cosc de shaghas eile i bhfeidhm ar Chumann Phiarsaigh na Dromad freisin. Ba é sin an cosc ar aon ní a rá leis na meáin. Ní raibh Cathaoirleach an chumainn Mícheál Ó Síocháin ar fáil chun agallamh a dhéanamh linn ach ag caint dó ar maidin ar an raidió dúirt sé go raibh an-díomá[6] orthu maidir leis an bpíonós nua. Maidir len' é a athchomharc dúirt sé go mbeadh cruinniú á thionól ag an gClub go luath agus go mbeidís ag déanamh scrúdú ar a gcuid roghanna agus go mbeadh an cinneadh á thógáil[7] acu le chéile.

Grett O'Connor, Nuacht TG4, ag Clubtheach Phiarsaigh na Dromad i gContae Chiarraí.

[1] *Na Dromaid/na Dromaide* a deirtear síos tríd
[2] *Na gclub* a deirtear
[3] *Bhí mé* is cirte
[4] *Síos* a deirtear
[5] *Píonós móra* a deirtear
[6] *Ana-dhíoma* a deirtear i gcanúint an tuairisceora
[7] *A thógaint* deirtear